2026/1856

27.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1856 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Aibreán 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/610 ([1]), lenar bunaíodh Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), agus sainordú aige go dtí an 19 Meán Fómhair 2018.

(2) An 8 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1341 ([2]), lenar cuireadh síneadh le sainordú EUTM RCA go dtí an 19 Meán Fómhair 2026.

(3) An 26 Meitheamh 2026, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh 3 mhí le sainordú EUTM RCA, go dtí an 31 Nollaig 2026, chun go bhféadfar an t-athbhreithniú straitéiseach iomlánaíoch ar EUTM RCA agus ar Mhisean Comhairleach CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir a thabhairt chun críche.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2016/610 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EUTM RCA i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meath teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 mar a leanas:

(1) in Airteagal 10, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'9. EUR 1,54 milliún a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUTM RCA don tréimhse ón 20 Meán Fómhair 2026 go dtí an 31 Nollaig 2026. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 0 % i ngealltanais agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.';

(2) in Airteagal 13, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Tiocfaidh deireadh le sainordú EUTM RCA an 31 Nollaig 2026.'.

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1341 ón gComhairle an 8 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/610 maidir le Misean CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) (IO L, 2025/1341, 9.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1341/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE